C/2024/4377

5.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11558 – BPOST / STACI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4377)

1. An 25 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— bpost SA/NV ('bpost', an Bheilg), faoi úinéireacht 51,04 % ag Stát na Beilge tríd an Société Fédérale de Participations et d'Investissements (an Bheilg),

— Staci SAS ('Staci', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Ardian Holding S.A.S ('Ardian', an Fhrainc).

Gheobhaidh bpost rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Staci ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn bpost an tseirbhís poist uilechoiteann agus seirbhísí áirithe ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch ginearálta sa Bheilg. Ina theannta sin, tá bpost gníomhach sa phost neamh-uilechoiteann, i seirbhísí seachadta beartán, i seirbhísí lóistíochta ríomhchomhlíonta agus i ndáileadh preasa san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Áise,

— Soláthraíonn Staci seirbhísí lóistíochta miondíola agus tairgeann sé réitigh lóistíochta gnólacht le gnólacht (B2B) agus gnólacht le tomhaltóir (B2C) do chuideachtaí a sheachfhoinsíonn oibríochtaí soláthair dá líonra nó dá gcustaiméirí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Áise. Is grúpa cothromais phríobháidigh é Ardian.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11558 – BPOST / STACI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').